# Scéal, Scéal, Scéal …

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

18 Aibreán 2024 Eagrán 192

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*



Cloigíní gorma ag fógairt theacht an tsamhraidh sa Spidéal!
Míċeál Ó Loċlainn, Baile 'n tSagairt, a thóg an pictiúr.

# EILEEN FRANCIS RIP



Bhásaigh Eileen Francis, nó Mrs Francis mar a tugadh go háitiúil uirthi, ar an 11 Aibreán. Ba í an té ba shine sa gceantar í, gan í ach cúpla seachtain ó 104 bliain a shlánú. Tháinig sí go dtí an Spidéal as Mionlach in oirthear na Gaillimhe i ndeireadh na gceathrachaidí agus phós sí féin agus Paddy Francis, fear a raibh gnó aige féin agus a mhuintir i sráidbhaile an Spidéil.

Bhí siopa, bacús agus caidéil pheitril ann ag an am sin. Cuireadh leis an ngnó sna caogaidí nuair a cheannaigh siad tí Johnny Folan ó dheas den bhóthar. Nuair a dúnadh Oifig an Phoist cháiliúil Mhike Connolly ar an mBaile Ard, aistríodh Teach an Phosta go dtí Tigh Mhic Phroinséas.

Bean ghnóthach a bhí i Mrs Francis i gcónaí, a rinne freastal cairdiúil, séimh ar ghlúnta de phobal an Spidéil agus í i mbun tí freisin dá fear agus dá seachtar iníon agus triúr mac.

Nuair a d'éirigh sí as a cuid cúraimí, bhog sí isteach i dteach ó thuaidh den siopa ar an mBaile Ard agus chaith blianta fada breátha eile ansin. Chuireadh sí an-spéis i gcúrsaí an tsaoil, an cheantair agus a muintire agus ba bhreá léi daoine a bheith ag bualadh isteach ar cuairt chuici. Léadh sí dhá phaipéar sa lá. B'údar bróid ar leith di an trí bhonn a fuair sí ó Uachtarán na hÉireann agus a tugadh chun na haltóra ar an Domhnach.

Lean beirt dá deifiúracha chun an Spidéil í: Chrissie a phós Pól Ó Foighil agus Noreen a phós Seán Ó Foighil. Is cinnte gur fhág mná sin de mhuintir Owens a lorg ar cheantar Chois Fharraige, beannacht Dé leo ar fad.

# CBB CHUMANN FORBARTHA CHOIS FHARRAIGE

Reáchtáilfear Cruinniú Cinn Bliana Chumann Forbartha Chois Fharraige ar an Mháirt 30 Aibreán. Is cruinniú do bhaill an Chumainn Forbartha an cruinniú seo.

Tabharfar tuairisc ar obair na bliana 2023, chomh maith le tuairisc airgeadais. Toghfar baill nua den Choiste Stiúrtha freisin.

Tá Cumann Forbartha Chois Fharraige ar cheann de na coistí pobail Gaeltachta is faide ag obair sa nGaeltacht. Sa mbliain 1966 a bunaíodh é agus bhí baint lárnach ag an gCumann Forbartha le cuid mhaith den dul chun cinn a déanadh i gCois Fharraige le leathchéad bliain anuas.

Cuirtear fáilte roimh bhaill nua i gcónaí. Níl le déanamh ach foirm a líonadh aon uair amháin. Níl aon táille ballraíochta ann agus tá an fhoirm ballraíochta le fáil ach ríomhphost a sheoladh chuig cumannforbartha@gmail.com.

# RANGANNA GAEILGE

Cuirfear tús le gearrchúrsa Gaeilge in Inis Fáil sa Spidéal ar an Mháirt 30 Aibreán.

Leanfaidh sé chuile Mháirt i rith na Bealtaine idir 8.00 i.n go 9.30 in. Cúrsa idirmheánach atá i gceist, do dhaoine a bhfuil roinnt Gaeilge acu cheana féin.

Seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com más mian leat clárú do na ranganna. Scaipigí an scéal!

# OIDHREACHT AGUS BITHÉAGSÚLACHT




Tá Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta á réiteach do Chontae na Gaillimhe faoi láthair. Cáipéis straitéiseach a bheas sa bPlean seo, ag déileáil le saincheisteanna oidhreachta agus bithéagsúlachta i gContae na Gaillimhe. Áireofar cuspóirí leathana ann is aithneofar gníomhartha sonracha leis na cuspóirí sin a bhaint amach. Ní áireofar tionscadail a bhaineann le láithreacha ar leith. Tá seisiúin chomhairliúcháin ar bun ar fud an chontae agus reáchtáilfear an seisiún Gaeilge seo, ar iarratas ar leith ó Chumann Forbartha Chois Fharraige go mbeadh a leithéid ann, in Ionad Oidhreachta Leitir Mealláin ar an gCéadaoin 24 Aibreán idir 11 agus 1.00 i.n. Fáilteofar roimh thuairimí agus moltaí ón bpobal ag an gcruinniú.

# LIG SINN i gCATHÚ

Tá Club Leabhar Chois Fharraige ag eagrú siúlóide i gcathair na Gaillimhe arís i mbliana i gcuimhne ar an úrscéal cáiliúil *Lig Sinn i gCathú* le Breandán Ó hEithir. Tosóidh an chamchuairt i gCearnóg na hOllscoile ag 12:30 i.n. ar an Satharn seo, 20 Aibreán. Leanfaidh an bealach siúlóide léarscáil atá déanta amach de na háiteanna atá luaite sa leabhar. Deirtear go mbeidh cuimhní, scéalta, sleachta as an leabhar, éadaí na 1940idí, crúibíní, comhluadar agus comhrá i ndán dóibh siúd a bheidh i láthair.

# FIACH FOCAL

**Le roinnt míonna anuas tá seisiúin bhreátha á reáchtáil ag Coiste Oidhreachta agus Cultúir na Ceathrún Rua i gcomhar le Pobal Rua áit a bpléitear focla agus leaganacha cainte Gaeilge.**




**'Sí an saineolaí teanga Máire Feiritéar a stiúrann an plé agus bíonn neart cur is cúiteamh idir Máire agus na rannpháirtithe, daoine a bhfuil an-eolas acu féin ar an teanga! Maidin an tSathairn idir 11.00 agus 12.30 a bhíonn sé ar bun, in Acadamh na hOllscolaíochta ar an gCeathrú Rua. Beidh an chéad seisiún eile ar bun an Satharn beag seo an 20 Aibreán. Buail isteach: is cinnte go mbainfidh tú sásamh as an bplé agus go gcuirfidh tú le do chuid eolais. Ní gá clárú agus tá sé saor in aisce.**

# PLEAN TEANGA ABC Á SHEOLADH



Aoife Ní Chonghaile

Comhghairdeachas le pobal Bhearna-Chnoc na Cathrach, a mbeidh a bPlean Teanga á sheoladh ag an Dr. Aodhán Mac Cormaic as Roinn na Gaeltachta ar an Satharn 20 Aibreán ag 3.00i.n in Áras Mhic Amhlaigh i gCnoc na Cathrach (H91 A9PX).

Tá an plean á fheidhmiú le tamall faoi stiúir Aoife Ní Chonghaile, an tOifigeach Pleanála Teanga atá ag saothrú go dícheallach ar son LPT ABC mar a tugtar air. Beidh tráthnóna mór siamsaíochta ar siúl mar chuid den cheiliúradh ina mbeidh imeachtaí do chuile aoisghrúpa, páistí, déagóirí agus daoine fásta, ar nós Ealaín agus Ceardaíocht, Scéalaíocht, Ceardlann Damhsa ar an Sean-nós, Sorcas Gaelach, Ceardlann Drumadóireachta agus neart eile.

Tá fáilte mhór roimh chách. Guíonn pobal Chois Fharraige chuile rath ar phobal ABC lena bPlean Teanga.

# I dTREO AN tSOLAIS

**Beidh an tsiúlóid bhliantúil *Darkness into Light*, I dTreo an tSolais ar mhaithe le Pieta House, ar siúl arís i mbliana ar an gCeathrú Rua ar an 11 Bealtaine 2024.**




**Tosóidh an tsiúlóid ag Scoil Chuimsitheach Chiaráin ag 4:15 r.n maidin an tSathairn. Beidh an tsiúlóid seo ar bun ní hamháin ar fud Éireann ach in ionaid ina bhfuil Éireannaigh cruinnithe ar fud an domhain. Seo é an phríomhfhoinse airgid atá ag Pieta House, eagraíocht a chuireann tacaíocht, saor in aisce, ar fáil do dhaoine a bhíonn in ísle bhrí.**

**Tá clárú, t-léinte agus tuilleadh eolais ar fáil ach dul chuig www.darknessinlight.ie nó chuig Instagram/Facebook @darknessintolightancheathrurua.**

# GLANADH SUAS i gCOIS FHARRAIGE




Is iomaí duine a bhíonn ag baint taitnimh as siúlóidí lena gcuid madraí agus tá feachtas ar leith ar bun ag Coiste Bhaile Slachtmhar an Spidéil ag meabhrú dó dhaoine a bhíonn ag siúl lena gcuid madraí, málaí a thabhairt leo agus aon salachar a chruthaítear le linn na siúlóide a ghlanadh agus a thabhairt chun bealaigh. Tá an Coiste buíoch do Chomhairle Chontae na Gaillimhe as boscaí ina bhfuil miotóga le leith ar fáil iontu a chur ar fáil ag an gCéibh Nua, ag an tSean-Chéibh agus ar an bProm.

Tá an Coiste ag iarraidh ar dhaoine, idir óg agus níos sine, iarracht ar leith a dhéanamh teacht amach agus cuidiú leo ar an Satharn seo, 20 Aibreán, idir 10 r.n agus meánlae le haon iarracht mhór amháin a dhéanamh bruscar a bhailiú sa gceantar. Cuirfear trealamh agus málaí ar fáil.

Sa gceantar níos faide siar tá Fochoiste Timpeallachta Chumann Forbartha Chois Fharraige ag eagrú 'Glanadh Suas' freisin, ar an 27 Aibreán. Bailíonn Fochoiste Timpeallachta Chumann Forbartha Chois Fharraige bruscar ó bhóithre agus ó chladaigh an cheantair chuile bhliain. Déantar é seo le cead ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus le tacaíocht ón bhfeachtas 'Cóstaí Glan' a eagraíonn An Taisce. Tá breis eolais ar fáil ó 087 673 8834, nó dul chuig leathanach Fhochoiste Timpeallachta Chois Fharraige ar Facebook.

# GLIOGAR

Tá dhá oíche cheoil, ar an 28 Aibreán is ar an 2 Bealtaine, á n-eagrú i Seanscoil Sailearna ag Gliogar.
*Cuar*, á stiúradh ag Neil Ó Lochlainn agus Muireann Ní Shé a bheas ann ar an Domhnach 28 Aibreán agus 'sí an ceoltóir as Albain Brìghde Chaimbeul agus an Déiseach Seamus Hyland a bheas ann ar an Déardaoin 2 Bealtaine. Tá na ceoltóirí seo ar fad fréamhaithe sa traidisiún agus a stíl ceoil féin acu.








Beifear ag súil le scoth an cheoil Ghaelaigh ó shamhlaíocht na gceannródaithe seo.
Osclófar na doirse ag 7.30 i.n agus tosnóidh an ceol ag 8.00 i.n. Tá ticéid ar fáil trí www.gliogar.ie.
Is cnuasach ealaíontóirí agus ceoltóirí iad Gliogar, a chuireann ceolchoirmeacha ar siúl le ceoltóirí comhaimseartha Gaelacha; trí mheáin na Gaeilge go háirid.
I gConamara Theas atá siad lonnaithe.

Féach ar *Chuar* agus ar Bhrìghde Chaimbeul ar YouTube.

# SEISIÚIN CHÉADFACHA DO NAÍONÁIN

Chuir Áine Ní Dhubhghaill tús le seisiúin chéadfacha tré Ghaeilge do pháistí faoi bhliain d'aois i gColáiste Lurgan le gairid. Seisúin iad seo ina ndéantar gníomhaíochtaí a spreagann chuile cheann de na cúig chéadfaí trí spraoi, amhránaíocht, drámaíocht agus scéalaíocht.



Áine agus Osgar

Ní theastaíonn ach tú féin agus do bhaibín, pluid bhog agus aon cheo a bheadh ag teastáil uait chun éadaí a athrú, beathú srl. Tá an seomra leagtha go speisialta do na gníomhaíochtaí seo. Beidh tae agus caife ar fáil freisin má bhíonn sos uait. Seisiún amháin sa tseachtain atá ar bun faoi láthair, ar an Mháirt idir 09:30-10:45 r.n. Déan teagmháil le paistilegaeilge@gmail.com le clárú.